www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2017**

---

# Irish

## Assessment Unit A2 2

## Section A

*assessing*

Listening

**[AI221]**

**FRIDAY 9 JUNE, MORNING**

---

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

☐ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2017
Irish
Advanced
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

Dúirt úinéir Aer Árann, Pádraig Ó Céidigh, go bhfuil beagnach daichead post i mbaol ag an Aerfort Réigiúnach i gConamara agus ag na trí Aerfort in Inis Mór, in Inis Meán agus in Inis Oírr. Bhí sé ag labhairt i ndiaidh don Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta an conradh nua eitiltí a bhronnadh ar chomhlacht héileacaptar go ceann cúig bliana.

Bunaíodh Aer Árann sa bhliain 1970 le muintir na dtrí oileán a thabhairt go tír mór agus ar ais. Sa bhliain 1994 cheannaigh Pádraig Ó Céidigh an comhlacht agus tá Aer Árann ag cur le líon na n-eitleán agus le líon na n-eitiltí chuig na hoileáin ó shin i leith. Bíonn fiche eitilt ann in aghaidh an lae idir Conamara agus na hOileáin Árann. Cuireann an tseirbhís seo breis agus daichead post ar fáil ar na hoileáin agus i gConamara.

Rinneadh cinneadh an tseachtain seo caite, áfach, an conradh a bhí ag Aer Árann a bhronnadh ar chomhlacht héileacaptar atá lonnaithe i gcathair na Gaillimhe. Ní mó ná sásta atá muintir Chonamara ná muintir na n-oileán leis an chinneadh seo. D'fhreastail níos mó ná dhá chéad duine ar chruinniú poiblí in Inis Mór Dé hAoine seo caite lena míshástacht a chur in iúl. Bhí breis agus ocht gcéad duine ag léirsiú taobh amuigh d'oifigí Roinn na Gaeltachta sna Forbacha i gConamara ar an lá céanna. Tá siadsan buartha go gcaillfidh muintir na n-oileán agus muintir Chonamara a bpost má chuirtear deireadh le conradh Aer Árann.

Cosnaíonn ticéad fillte ó Indreabhán i gConamara go hInis Mór nócha euro faoi láthair. Cosnóidh an turas fillte i héileacaptar trí chéad euro. Dúirt Pádraig Ó Céidigh nach bhfuil sé sásta glacadh leis an chinneadh agus go mbeadh achomharc ann sa chúirt an tseachtain seo chugainn.

www.xtrapapers.com

Question 2

Rinneadh taighde in ollscoil i Sasana ar an tionchar a imríonn an teilifís, an t-idirlíon agus na cluichí ríomhaire ar thorthaí na ndaltaí a dhéanann scrúduithe GCSE.

Mhair an taighde dhá bhliain agus bhí níos mó ná ocht gcéad dalta páirteach sa tsuirbhé. Fuarthas amach go n-imríonn barraíocht ama os comhair na teilifíse agus ar an ríomhaire drochthionchar ar thorthaí na scrúduithe GCSE. Tuairiscíodh gur thit na gráid a bhí ag na daltaí a chaith uair an chloig bhreise os comhair na teilifíse, ar an idirlíon nó ag imirt cluichí ríomhaire, in áit staidéar nó obair baile a dhéanamh. Thit torthaí na ndaltaí seo dhá ghrád ar an mheán i gcomparáid leis na daltaí sin nár chaith uair an chloig bhreise os comhair an scáileáin.

Cuireadh gach rud san áireamh sa taighde céanna. Rinneadh taifead d'airde agus de mheáchan na ndaltaí agus b'éigean dóibh gléas a chaitheamh ar feadh cúig lá gach seachtain a choinnigh taifead den chleachtadh coirp. Bhí ar na daltaí ceistiúchán a líonadh isteach chomh maith. Bhí ceisteanna maidir le hobair baile, léitheoireacht agus caithimh aimsire ar an cheistiúchán. Bhí ceisteanna maidir leis an teilifís, leis an idirlíon agus leis na cluichí ríomhaire ar an cheistiúchán fosta, ar ndóigh.

Ag deireadh an dá bhliain taighde fuarthas amach go raibh difear suntasach idir na daltaí a chaith uair an chloig bhreise os comhair na teilifíse agus na daltaí a rinne uair an chloig bhreise obair baile. Chuir sé iontas ar na taighdeoirí, áfach, nach raibh tionchar ar bith ag cleachtadh coirp ná ag spórt ar na torthaí scrúduithe.

Ba í an teilifís ba mheasa, áfach, de réir na ndaoine a rinne an taighde. Fiú má chaith an dalta cuid mhór ama ag staidéar, chuir barraíocht ama os comhair na teilifíse isteach ar na torthaí GCSE.

Dúirt urlabhraí ar son na hollscoile go bhfuil tuilleadh taighde de dhíth leis an scéal a chinntiú ach mhol sé do thuismitheoirí teorainn a chur leis an méid ama a chaitheann a gcuid páistí os comhair scáileáin.

Dúirt sé go bhfoilseofaí torthaí an taighde in irisleabhar idirnáisiúnta roimh dheireadh na bliana.

This is the end of the recording.